# Ag Súil leis an Nollaig



**Cuirfidh** na páistí na stocaí ag bun na leapa **Oíche Nollag. Rachaidh** siad a chodladh go luath. Tiocfaidh San Nioclás roimh mhaidin. Fágfaidh sé bréagáin sna stocaí agus ar an leaba. **Gheobhaidh** Úna **leabhair scéalta** agus gúna nua. Gheobhaidh Nuala bábóg agus pram. Gheobhaidh Liam **saighdiúirí bréige** agus **éadaí buachalla bó. Dúiseoidh siad** go luath Lá Nollag agus beidh siad ag súgradh leis na bréagáin. Rachaidh siad ar Aifreann ar a deich a chlog. I lár an lae cuirfidh Mamaí agus Úna an dinnéar ar an mbord. **Íosfaidh** siad an turcaí. Ina **dhiaidh sin** beidh an **mhearóg Nollag** acu. Um thráthnóna beidh siad ag féachaint ar an teilifís. Rachaidh Daidí agus Liam amach ag siúl **má** bhíonn an aimsir go breá.

**Foclóir:**
**bréagáin,** toys
**mearóg Nollag,** Christmas pudding

**A. Scríobh amach an freagra ceart:**

1. Cad a chuirfidh na páistí ag bun na leapa Oíche Nollag?
   — bronntanais.
   — cáca Nollag.
   — stocaí.
2. Cad a gheobhaidh Úna ó Shan Nioclás?
   — leabhair scéalta agus gúna nua.
   — líomanáid agus brioscaí.
   — bróga peile.
3. Cathain a chuirfidh Mamaí an dinnéar ar an mbord?
   — go luath ar maidin.
   — i lár an lae.
   — um thráthnóna.

**B. Líon isteach na bearnaí sna habairtí seo a leanas:**

1. — siad a chodladh go luath.
2. — Nuala bábóg agus pram.
3. — siad an turcaí.
4. Um thráthnóna — siad ag féachaint ar an teilifís.
5. — Daidí agus Liam amach ag siúl má — an aimsir go breá.

**C. Scríobh amach na ceisteanna do na freagraí seo a leanas:**

1. Tiocfaidh San Nioclás.
2. Saighdiúirí bréige agus éadaí buachalla bó.
3. Ar a deich a chlog.
4. Íosfaidh siad an turcaí.

**D. Freagair na ceisteanna seo a leanas:**

1. Cé a chuirfidh na stocaí ag bun na leapa Oíche Nollag?
2. Cad a fhágfaidh San Nioclás sna stocaí?
3. Céard a dhéanfaidh Úna leis na leabhair scéalta?
4. Cén fáth a ndúiseoidh siad go luath Lá Nollag?
5. Cad a dhéanfaidh Daidí agus Liam má bhíonn an aimsir go breá?
6. Cad a dhéanfaidh tusa leis na bréagáin Lá Nollag?
7. An dtiocfaidh San Nioclás chugatsa?

**Gramadach 13**

1. Gheobhaidh Liam saighdiúirí bréige um Nollaig sa siopa.
   **Cuir na focail seo a leanas i dtús na habairte:**
   (Cathain, Cá, Cé.) . . . . . . . .